2025/2367

21.11.2025

CINNEADH (CBES) 2025/2367 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Samhain 2025

maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Rúnaíocht CTA lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Conradh Trádála Arm ('CTA') an 2 Aibreán 2013 trí bhíthin Rún 67/234 B. Osclaíodh CTA ina dhiaidh sin lena shíniú an 3 Meitheamh 2013 agus tháinig sé i bhfeidhm an 24 Nollaig 2014. Is páirtithe iad Ballstáit uile an Aontais sa CTA.

(2) Is é is aidhm do CTA na caighdeáin idirnáisiúnta is airde is féidir a bhunú maidir le rialú a dhéanamh ar thrádáil dhleathach ghnáth-arm, nó feabhas a chur ar an rialú sin, agus trádáil aindleathach gnáth-arm a chosc agus a dhíothú agus cosc a chur ar atreorú na n-arm sin. An Conradh a bheith á chur chun feidhme go héifeachtach ag na Stáit is Páirtithe agus go ndéanfaí é a uiliú, is iad sin na príomhdhúshláin atá ann agus é á chur san áireamh gur dianiarracht dhomhanda é, faoi mar a thuigfeadh duine é, an trádáil idirnáisiúnta arm a rialú. Chun rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ghlac an Chomhairle Cinntí 2013/768/CBES ([1]), (CBES) 2017/915 ([2]) agus 2021/2309/CBES ([3]). Baineann na Cinntí sin, inter alia, le gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais chun tacú le cur chun feidhme CTA, agus ar an gcaoi sin, lena méadaítear an phunann cúnaimh an Aontais maidir le rialú onnmhairiúcháin le gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le CTA.

(3) Le CTA, bunaítear Rúnaíocht chun cabhrú leis na Stáit is Páirtithe é a chur chun feidhme go héifeachtach ('an Rúnaíocht'). Tá an Rúnaíocht freagrach as na tuarascálacha atá sainordaithe in CTA a ghlacadh, a chur ar fáil agus a dháileadh; liosta na bpointí teagmhála náisiúnta a choinneáil ar bun agus a chur ar fáil do na Stáit is Páirtithe; éascaíocht a dhéanamh ar mheaitseáil tairiscintí agus iarrataí ar chúnamh i ndáil le cur chun feidhme CTA agus an comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn de réir mar a iarrtar sin; obair Chomhdháil na Stát is Páirtithe a éascú, lena n-áirítear socruithe a dhéanamh agus na seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil le haghaidh cruinnithe arna n-eagrú faoi CTA; agus dualgais eile a chomhlíonadh de réir mar a chinnfidh Comhdhálacha na Stát is Páirtithe. Ina theannta sin, riarann Rúnaíocht an Ciste Iontaobhais Deonach arna bhunú ag na Stáit is Páirtithe faoi Airteagal 16(3) de CTA chun cabhrú leis na Stáit is Páirtithe a chur chun feidhme, agus clár urraíochta CTA arna bhunú chun rannpháirtíocht ionadaithe na Stát Páirtithe i gcruinnithe CTA a éascú.

(4) I Straitéis Dhomhanda 2016 maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh agus i gCompás Straitéiseach an Aontais um Shlándáil agus Cosaint ó 2022, geallann an tAontas go gcuirfidh sé ord idirnáisiúnta riailbhunaithe chun cinn a mbeidh an t-iltaobhachas mar phríomhphrionsabal aige agus leis na Náisiúin Aontaithe ina chroílár. Tugann an tAontas an-tacaíocht do rannpháirtíocht mhéadaitheach an Stáit, agus uiliú, cur chun feidhme iomlán agus forfheidhmiú iomlán i ndáil le conarthaí iltaobhacha dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm, lena n-áirítear CTA. I gcomhthéacs na spriocanna beartais uileghabhálacha sin, rannchuideodh tacaíocht don Rúnaíocht go mór leis an aidhm shonrach atá ann an córas iltaobhach is bonn leis an trádáil fhreagrach arm a neartú.

(5) Is maith mar is féidir le Rúnaíocht idirchaidreamh a dhéanamh le gach páirtí leasmhar iltaobhach, réigiúnach, náisiúnta agus de chuid na sochaí sibhialta, a bhíonn i mbun tionscadal a thacaíonn le huiliú agus le cur chun feidhme CTA. Is soláthraí seanbhunaithe cúnaimh rialaithe onnmhairiúcháin in earraí dé-úsáide é an tAontas, agus é ag tacú le creataí dlíthiúla agus acmhainní institiúideacha a fhorbairt chun rialuithe onnmhairithe éifeachtacha ar earraí dé-úsáide agus míleata a bhunú agus a fhorfheidhmiú. Ba cheart do Rúnaíocht a áirithiú go gcomhlánaíonn a tionscadail cláir chúnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana maidir le dé-úsáid agus onnmhairí arm a rialú, mar shampla na cinn dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2021/2309 ón gComhairle.

([1]) Cinneadh 2013/768/CBES ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le gníomhaíochtaí de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, faoi chuimsiú Straitéis Slándála na hEorpa (IO L 341, 18.12.2013, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/768/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 139, 30.5.2017, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/915/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2021/2309 ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 461, 27.12.2021, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/2309/oj).

(6) Ghlac an Chomhairle Cinntí (CBES) 2021/649 ([4]) agus (CBES) 2023/2296 ([5]), ar mhaithe le tacaíocht shonrach a chur ar fáil chun fothú acmhainneachta phointí teagmhála náisiúnta CTA, chun uainchlár saineolaithe a bhunú chun acmhainneacht saineolaithe áitiúla agus réigiúnacha CTA a fhorbairt chun comhairle agus oiliúint a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme CTA, agus chun bunachar sonraí a bhunú chun riachtanais agus acmhainní cúnaimh a mheaitseáil agus CTA á chur chun feidhme.

(7) Téann Cinneadh (CBES) 2023/2296 in éag an 30 Samhain 2025. I bhfianaise staid dheacair go leanúnach airgeadais CTA mar thoradh ar riaráiste ranníocaíochtaí a bheith ar roinnt Stáit is Páirtithe go fóill, tá sé tábhachtach leanúint den tacaíocht dá bhforáiltear sa Chinneadh sin. Ba cheart an tacaíocht sin a dhíriú ar oiliúint do shaineolaithe náisiúnta agus réigiúnacha ar féidir leo oiliúint agus cúnamh cur chun feidhme ar ardchaighdeán a chur ar fáil do na Stáit is Páirtithe, lena n-áirítear maidir le tionscadail an Chiste Iontaobhais Dheonaigh, agus feabhas a chur ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe CTA arna dhéanamh ag na Stáit is Páirtithe, lena n-áirítear trí ráta méadaithe chun thuarascálacha bliantúla agus tosaigh CTA a chur isteach. Ina theannta sin, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil chun go gcoinneoidh an Rúnaíocht an bunachar sonraí chun riachtanais agus acmhainní,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach agus uiliú an Chonartha Trádála Arm ('CTA'), tacóidh an tAontas le Rúnaíocht arna bunú ag CTA ('an Rúnaíocht') gníomhaíochtaí a dhéanamh chun na cuspóirí seo a leanas a bhant amach:

— tacú leis na Stáit is Páirtithe in CTA a gcórais rialaithe aistrithe arm a neartú chun CTA a chur chun feidhme go héifeachtach;

— leagan amach institiúideach Rúnaíocht a neartú mar an príomhchomhlacht chun cabhrú leis na Stáit is Páirtithe an CTA a chur chun feidhme.

2. Chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, tacóidh an tAontas leis na gníomhaíochtaí tionscadail seo a leanas:

(a) oiliúint a chur ar shaineolaithe náisiúnta agus réigiúnacha CTA chun tacaíocht a chur ar fáil do na Stáit is Páirtithe chun CTA a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta;

(b) neart a chur le tuiscint na Stát is Páirtithe ar oibleagáidí tuairiscithe CTA agus lena n-acmhainneacht i dtaca leis na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí dhoiciméad treorach deonach agus ábhair oiliúna a fhorbairt, eardlanna praiticiúla a reáchtáil, agus cúnamh idirnáisiúnta eile a chomhordú;

(c) an bunachar sonraí a chothabháil chun tairiscintí cúnaimh agus iarratais ar chúnamh chun CTA a chur chun feidhme a mheaitseáil.

Leagtar amach san Iarscríbhinn tuairisc mhionsonraithe ar na gníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Airteagal 2

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í Rúnaíocht a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

3. Déanfaidh Rúnaíocht a cuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le Rúnaíocht.

Airteagal 3

1. Is é EUR 993 533 ('an caiteachas') a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun na gníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur chun feidhme.

2. Déanfar an caiteachas a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

([4]) Cinneadh (CBES) 2021/649 ón gComhairle an 16 Aibreán 2021 maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Rúnaíocht CTA mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 133, 20.4.2021, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/649/oj).

([5]) Cinneadh (CBES) 2023/2296 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2023 maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Rúnaíocht an Chonartha Trádala Arm mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L, 2023/2296, 24.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2296/oj).

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an caiteachas. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú riachtanach i gcrích le Rúnaíocht ('an comhaontú'). Sonróidh an comhaontú go n-áiritheoidh Rúnaíocht infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, ar bhealach atá iomchuí lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú chun críche.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag an Rúnaíocht. Beidh na tuarascálacha sin ina mbonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi na gnéithe airgeadais de chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Rachaidh sé in éag 24 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích, nó 6 mhí tar éis dháta a ghlactha mura mbeidh an comhaontú riachtanach tugtha i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN

Tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Rúnaíocht an Chonartha Trádála Arm mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm

1. **Cúlra**

Bunaíodh Rúnaíocht an Chonartha Trádála Arm (CTA) faoi Airteagal 18 de CTA chun cabhrú leis na Stáit is Páirtithe an Conradh Trádála Arm a chur chun feidhme go héifeachtach. Oibríonn Rúnaíocht CTA 'laistigh de struchtúr íoslaghdaithe', mar a shainordaítear le hAirteagal 18 den Chonradh agus laistigh de bhuiséad teoranta arna fhormheas ag Comhdháil bhliantúil na Stát is Páirtithe. Dá réir sin, tá teorainn leis an acmhainneacht atá ag Rúnaíocht CTA tacaíocht nó cúnamh cur chun feidhme a chur ar fáil sa bhreis ar na príomhchúraimí a shainaithnítear sa Chonradh. Mar sin féin, tríd an bpróiseas chun a shainordú a chomhlíonadh agus trí thacú le próiseas CTA agus i bhfianaise a ghaireachta don Chonradh agus d'iarrachtaí cur chun feidhme, tá Rúnaíocht CTA in ann réimsí nó bearnaí a shainaithint ina bhfuil gá le tacaíocht cur chun feidhme.

Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le linn na gcéimeanna roimhe seo den tacaíocht a thug an tAontas do Rúnaíocht CTA, is é is aidhm don tionscadal seo aghaidh a thabhairt ar thrí réimse chriticiúla agus idirghaolmhara de chur chun feidhme CTA: atreorú gnáth-arm a chosc, cúnamh saincheaptha a thabhairt chun córais náisiúnta a neartú, agus trédhearcacht agus malartú faisnéise a fheabhsú.

Tá an t-atreorú ina bhac mór ar thrádáil fhreagrach arm i gcónaí. D'ainneoin na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 11 CTA, tá dúshláin shuntasacha acmhainneachta fós roimh go leor Stát is Páirtithe maidir le hatreorú a chosc, a bhrath agus freagairt air. I measc na bpríomhbhacainní tá comhordú idirghníomhaireachta teoranta agus comhroinnt faisnéise theoranta idir páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta, acmhainní teicniúla agus daonna neamhleora, agus easpa uirlisí láidre measúnaithe riosca agus fíoraithe iarsheachadta. Thairis sin, mar gheall ar a íogaire atá sé ó thaobh na polaitíochta agus na hoibríochta de, ní raibh ach líon teoranta toscaireachtaí toilteanach cásanna nithiúla atreoraithe a roinnt ag fóram CTA maidir le cómhalartú na faisnéise atreorúcháin. Cuireann an drogall sin bac ar acmhainneacht an fhóraim comhar praiticiúil a éascú, muinín a chothú i measc na Stát is Páirtithe, agus bearta nithiúla a shainaithint chun na lúba ar lár atá ann cheana i slabhraí aistrithe arm a dhúnadh. Mar sin féin, chuir ionadaithe ó na réigiúin is mó atá thíos leis an atreorú in iúl go bhfuil siad toilteanach faisnéis maidir le hatreorú a roinnt le tíortha ina réigiún. I bpáipéar oibre a thíolaic an Fhrainc agus an Bhrasaíl ag an 11ú Comhdháil de na Stáit is Páirtithe (CSP11), leagadh béim ar a thábhachtaí atá cruinnithe réigiúnacha agus foréigiúnacha chun feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar dhúshláin atreoraithe agus chun bearta éifeachtacha a chur chun cinn chun é a chosc, a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu. Dá bhrí sin, tá deis nár tapaíodh ann a bhféadfadh an Rúnaíocht tacú léi.

Ag an am céanna, is dúshlán forleathan leanúnach fós é an gá atá le cúnamh saincheaptha chun córais náisiúnta a neartú i measc roinnt Stát is Páirtithe. Léiríonn iontrálacha a chuirtear faoi bhráid Bhunachar Sonraí CTA lena ndéantar riachtanais agus acmhainní a mheaitseáil iarrataí ar thacaíocht maidir le liostaí rialaithe a bhunú nó a nuashonrú, ach i réimsí gaolmhara freisin, cuir i gcás, creataí láidre a bhunú chun aistrithe arm a rialáil, agus feabhas a chur ar chórais le haghaidh taifid a choimeád. Cé go bhfuil ról lárnach ag an gCiste Iontaobhais Deonach maidir le freagairt ar na riachtanais sin, tá deacrachtaí fós ag go leor Stát an cineál tacaíochta beacht is gá a shainaithint. Sa chomhthéacs sin, dá ndéanfaí Bunachar Sonraí CTA a oibríochtú a thuilleadh, lena n-áirítear trí sholáthraithe cúnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, iad siúd a mheaitseáil le Stáit is Páirtithe a bhfuil riachtanais chúnaimh acu agus gníomhaíochtaí a eascraíonn as na meaitseanna sin a éascú, d'fhéadfaí sásraí cistiúcháin ar nós an Chiste Iontaobhais Dheonaigh a chomhlánú agus a dtionchar a fheabhsú.

Ar deireadh, teastaíonn aird leanúnach ón trédhearcacht, ní hamháin trí thuarascálacha tosaigh agus bliantúla a chur isteach, ach freisin trí mhalartú níos leithne faisnéise maidir le hábhair leasa fhrithpháirtigh idir Stáit, chomh maith le plé gaolmhar laistigh de Mheithleacha CTA. Ag tógáil ar an méid a baineadh amach le linn an chéim is déanaí den tionscadal roimhe seo agus ag freagairt ar mholtaí Chathaoirleach na Meithle um Thrédhearcacht agus Tuairisciú ag CSP11, measann an Rúnaíocht gur céim shuntasach chun cinn é feabhas a chur ar a bonneagar TF, ós rud é go ndéanfaidh sé tíolacadh tuarascálacha a bharrfheabhsú, inrochtaineacht agus inúsáidteacht uirlisí tuairiscithe a fheabhsú, agus malartú faisnéise a neartú, agus ar an gcaoi sin cuspóirí trédhearcachta foriomlána an Chonartha a chur chun cinn.

Cuirtear i láthair sa pháipéar coincheapa seo réimsí tosaíochta inar féidir le tacaíocht spriocdhírithe feabhas suntasach a chur ar chur chun feidhme an Chonartha. Is í Rúnaíocht CTA is fearr a bheidh in ann na hiarrachtaí sin a stiúradh, ach teastaíonn acmhainní breise uaithi chun na riachtanais cur chun feidhme sin a chomhlíonadh.

2. **Cuspóir foriomlán**

Rannchuidiú leis an tsíocháin, leis an tslándáil agus leis an gcobhsaíocht idirnáisiúnta agus réigiúnach, agus fulaingt dhaonna a laghdú, trí thacú le cur chun feidhme éifeachtach CTA trí chomhar réigiúnach neartaithe, cúnamh teicniúil saincheaptha, agus trédhearcacht agus malartú faisnéise feabhsaithe.

3. **Na torthaí a bhfuiltear ag súil leo**

(a) Acmhainneachtaí náisiúnta agus réigiúnacha méadaithe chun rioscaí, treochtaí agus cleachtais mhaolaithe a bhaineann le hatreorú a shainaithint.

(b) Éifeachtacht mhéadaithe an chomhair idirnáisiúnta chun atreorú a chosc agus rialuithe aistrithe a fhorfheidhmiú, trí thionscnaimh chomhpháirteacha, comhpháirtíochtaí agus malartú tráthúil faisnéise.

(c) Comhroinnt fheabhsaithe faisnéise atá ábhartha ó thaobh oibríochtaí de chun atreorú a chomhrac tríd an bhfóram maidir le cómhalartú na faisnéise atreorúcháin agus trí ardáin faisnéise eile a bhaineann le CTA.

(d) Úsáid níos leithne agus inbhuanaithe a bhaint as Bunachar Sonraí CTA lena ndéantar riachtanais agus acmhainní a mheaitseáil, rud a fhágann go ndéantar meaitseanna nithiúla idir riachtanais shainaitheanta na Stát agus na hacmhainní atá ar fáil chun CTA a chur chun feidhme.

(e) Inniúlacht institiúideach, dhlíthiúil agus theicniúil fheabhsaithe chun forálacha CTA a chur chun feidhme.

(f) Infheictheacht níos mó ar iarrachtaí cur chun feidhme CTA ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.

(g) Inrochtaineacht agus inúsáidteacht fheabhsaithe uirlisí agus acmhainní tuairiscithe, as a dtiocfaidh Tuarascálacha Bliantúla agus Tosaigh CTA níos tráthúla, níos iomláine agus níos inchomparáide.

(h) Faisnéis a mhalartú ar bhonn níos leithne agus níos substaintiúla maidir le hábhair leasa fhrithpháirtigh i ndáil le cur chun feidhme CTA agus plé gaolmhar i Meithleacha CTA.

3.1 **Torthaí Intomhaiste Meánmhéide**

Chun an dul chun cinn i dtreo na dtorthaí thuas a thomhas, táthar ag súil leis na torthaí intomhaiste idirmheánacha seo a leanas nuair a bheidh deireadh leis an ngníomhaíocht:

(a) go dtabharfar 5 cheardlann réigiúnacha/fhoréigiúnacha maidir le hatreorú a chosc.

(b) go cuirfear oiliúint maidir le hatreorú a chosc agus bearta maolaithe ar 50 oifigeach náisiúnta.

(c) go forbrófar nótaí treorach neamhfhoirmiúla agus ábhair faisnéise lena n-úsáid ag soláthraithe teicniúla agus ag comhpháirtithe cur chun feidhme.

(d) go meaitseálfar suas le 10 n-iarratas a cuireadh isteach i mBunachar Sonraí CTA lena ndéantar riachtanais agus acmhainní a mheaitseáil le soláthraithe cúnaimh agus go n-éascófar na gníomhaíochtaí a bheidh mar thoradh air sin.

(e) go pléifidh an Rúnaíocht le suas le 5 iarraidh ó Bhunachar Sonraí CTA lena ndéantar riachtanais agus acmhainní a mheaitseáil.

(f) go gcuirfear isteach líon méadaithe Tuarascálacha Bliantúla agus Tosaigh CTA, go tráthúil agus go hiomlán trí rochtain fheabhsaithe ar uirlisí agus acmhainní tuairiscithe agus trí úsáid shimplithe a bhaint astu.

(g) go mbeidh rannpháirtíocht bhreise agus malartú faisnéise méadaithe ann ar ardán CTA.

4. **Aschuir agus Gníomhaíochtaí Ionchasacha**

4.1 **Ceardlanna réigiúnacha maidir le hatreorú**

Fothú acmhainneachta d'oifigigh náisiúnta atá dírithe ar fheabhas a chur ar thuiscint agus ar mhuinín a chothú chun go gcomhroinnfear faisnéis maidir le hatreorú arm a chosc, chun rannpháirtíocht níos mó a chothú san Fhóram maidir le cómhalartú na faisnéise atreorúcháin (DIEF), lena n-áirítear trí chásanna agus taithí a chur i láthair ar an leibhéal réigiúnach agus sa Ghinéiv araon.

Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas beartaithe:

(a) Déanfar cúig (5) cheardlann réigiúnacha/fhoréigiúnacha a eagrú, a reáchtáil agus a éascú a bheidh dírithe ar atreorú a chosc agus a fheidhmeoidh mar ardáin rúnda le haghaidh idirphlé struchtúrtha idir Stáit.

(b) Na príomhléargais ó cheardlanna réigiúnacha agus foréigiúnacha a fhorbairt – lena n-áirítear rioscaí atreoraithe, straitéisí maolaithe, agus dúshláin a bhaineann go sonrach le réigiún - chun dul i bhfeidhm ar phléití níos leithne maidir le DIEF agus na pléití sin a threorú, agus leis sin, cothófar foghlaim thrasréigiúnach agus leanúnachas téamach.

(c) Tacú le rannpháirtithe DIEF faisnéis a chomhroinnt go deonach agus go hanaithnid trí dhea-chleachtais ábhartha, samplaí, agus ceachtanna a foghlaimíodh ó cheardlanna réigiúnacha a chur ar fáil dóibh, agus ar an gcaoi sin rannpháirtíocht ghníomhach agus mhuiníneach i seisiúin DIEF a spreagadh.

4.2. **Cúnamh saincheaptha chun CTA a chur chun feidhme**

Bunaíodh bunachar Sonraí CTA um Riachtanais agus Acmhainní a Mheaitseáil faoi chéim I agus rinneadh mionchoigeartú air arís le linn chéim II, tar éis dul i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara. Chun leanúint dá oibríochtú, sainaithneoidh Rúnaíocht CTA soláthraithe cúnaimh féideartha agus éascóidh sí meaitseálacha, chomh maith leis na gníomhaíochtaí a eascraíonn astu sin. Cuirfidh an Rúnaíocht freisin leis na treoirdhoiciméid atá ann cheana chun ábhair ábhartha a fhorbairt do sholáthraithe cúnaimh, agus freagróidh sí í féin d'iarrataí ar chúnamh trí rannpháirtíochtaí teicniúla gearra spriocdhírithe a sholáthar. Déanfar na gníomhaíochtaí uile i ndlúthchomhar leis an Stát iarrthach, le Tionscadal For-rochtana AE CTA agus le ciste iontaobhais deonach CTA, rud a fhágfaidh go mbeidh cumas feabhsaithe ann forálacha an Chonartha a chur chun feidhme go héifeachtach.

Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas beartaithe:

(a) Deiseanna meaitseála a éascú le deontóirí ábhartha, soláthraithe teicniúla ábhartha, nó comhpháirtithe cur chun feidhme ábhartha (Stáit, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, an tsochaí shibhialta, lucht tionscal) agus suas le deich (10) ngníomhaíocht cúnaimh, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais agus shubstainteach.

(b) Ar bhonn na hoiliúna agus na n-ábhar treorach a forbraíodh i gcéimeanna tionscadail roimhe seo agus i Meithleacha CTA, nótaí treorach neamhfhoirmiúla agus ábhair faisnéisithe a ullmhú lena n-úsáid ag soláthraithe teicniúla agus ag comhpháirtithe cur chun feidhme a fhreagraíonn d'iarrataí ar chúnamh.

(c) Tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil mar fhreagairt ar chúig (5) iarraidh arna gcur i mBunachar Sonraí CTA um Riachtanais agus Acmhainní Meaitseála maidir le príomhréimsí an Chonartha, go háirithe Airteagail 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 13. Tacaíocht chomhairleach theicniúil a bheidh teoranta ó thaobh ama de (cianda nó intíre) a bheidh i gceist leis an tacaíocht shaincheaptha, ag díriú ar na riachtanais agus ar na dúshláin náisiúnta, i gcomhréir le ról agus acmhainneacht na Rúnaíochta.

4.3. **Tuairisciú náisiúnta agus malartú faisnéise feabhsaithe**

Ag tógáil ar an méid a baineadh amach le linn na gcéimeanna tionscadail roimhe seo, cuirfear na Tuarascálacha Bliantúla agus Tosaigh CTA faoi bhráid Rúnaíocht CTA agus neartóidh sí an malartú faisnéise idir na Stáit is Páirtithe, na Stáit is sínitheoirí, agus páirtithe leasmhara eile CTA.

Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas beartaithe:

(a) Leanúint d'fhothú acmhainneachta sa tuairisciú náisiúnta tríd an t-ábhar oiliúna atá ann a mhionchoigeartú agus a scaipeadh chun cabhrú le hoifigigh náisiúnta tuiscint níos fearr a fháil ar cheanglais agus ar phróisis tuairiscithe CTA. Áireofar leis sin modúl ríomhfhoghlama, chomh maith le hacmhainní a bheidh furasta lena n-úsáid agus idirghníomhach.

(b) Feabhas breise a chur ar fhormáid na dTeimpléad le haghaidh Tuairisciú Bliantúla agus Tosaigh CTA chun go mbeidh siad níos soiléire, níos éasca lena n-úsáid agus go mbeidh sé níos éasca rochtain a fháil orthu.

(c) Feabhas a chur ar bhonneagar teicneolaíochta faisnéise CTA chun tacú le faisnéise a mhalartú ar bhealach fónta i gcás ábhair leasa choitinn, agus sa phlé a dhéantar i mheithleacha CTA.

5. **Tairbhithe**

Rachaidh an tionscadal chun tairbhe go díreach do na gníomhaithe seo a leanas a bhfuil baint acu le cur chun feidhme CTA trína n-acmhainneacht theicniúil, a sásraí comhordúcháin agus a rochtain ar uirlisí praiticiúla a neartú:

(a) Údaráis náisiúnta, lena n-áirítear oifigigh cheadúnúcháin, oifigigh chustaim agus oifigigh forfheidhmithe.

(b) Pointí fócasacha náisiúnta ainmnithe chun CTA a chur chun feidhme.

(c) Eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a bhíonn ag gabháil do rialú arm.

(d) Stáit is Páirtithe agus Sínitheoirí a bhfuil cúnamh á lorg acu.

6. **Comhordú le gníomhaíochtaí cúnaimh ábhartha eile**

Tá cur amach ag Rúnaíocht CTA ar shásraí cistiúcháin eile a thacaíonn le tionscadail a bhaineann le CTA a chur chun feidhme, mar shampla an Rialachán maidir le Saoráid Iontaobhais na Náisiún Aontaithe i ndáil le Comhar Tacaíochta Arm (UNSCAR) agus Tionscadal For-Rochtana CTA an Aontais. D'oibrigh Rúnaíocht CTA go dlúth le bainisteoirí agus le lucht cur chun feidhme an dá chiste, - is é sin, Oifig Chónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú Onnmhairithe (BAFA) agus Expertise France - chun iarracht a dhéanamh dúbláil an chistiúcháin a sheachaint. Mar chuid den chomhar sin, rinneadh faisnéis rúnda a chomhroinnt go rialta maidir le hiarratais a fhaightear agus maidir le tionscadail arna bhformheas ag na cistí éagsúla.

Agus Céim IV de Thionscadal For-Rochtana CTA an Aontais á seoladh anois, leanfaidh Rúnaíocht CTA de na caidrimh seanbhunaithe a forbraíodh le BAFA agus Expertise France a chothú agus a neartú chun comhlántacht a áirithiú idir an tionscadal, arna mhaoiniú ag an Aontas, atá ar bun ag Rúnaíocht CTA agus an obair atá á déanamh faoi Thionscadal For-Rochtana CTA Aontais.

Leanfaidh Rúnaíocht CTA d'ionchur a lorg ó na comhpháirtithe a bhfuil Tionscadal For-rochtana CTA an Aontais á chur chun feidhme acu nuair a bheidh ionadaithe rialtais agus daoine aonair eile á sainaithint aici chun páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí atá beartaithe aici. Chun go mbeidh an comhordú le Tionscadal For-rochtana CTA an Aontais níos fearr arís, féachfaidh an Rúnaíocht ar dheiseanna chun pleananna oibre agus féilirí a ailíniú, lena n-áirítear, b'fhéidir, imeachtaí comhpháirteacha a eagrú, i gcás inarb iomchuí.

Go hachomair, feictear do Rúnaíocht CTA go bhfuil deiseanna suntasacha ann chun leanúint den idirphlé agus den chomhpháirtíocht le Tionscadal For-rochtana CTA an Aontais, go háirithe faoi Chéim III, chun comhlántacht a áirithiú agus chun a gcuspóir comhroinnte maidir le cur chun feidhme éifeachtach CTA a chur chun cinn.

7. **Bosca uirlisí infheictheachta**

(a) Faisnéis a bhaineann leis an tionscadal arna mhaoiniú ag an Aontas a áireamh i dtuarascálacha bliantúla Rúnaíocht CTA chuig Comhdháil na Stát is Páirtithe.

(b) Cuirfidh Rúnaíocht CTA nuashonruithe maidir leis an tionscadal arna mhaoiniú ag an Aontas ar fáil ag cruinniú ullmhúcháin neamhfhoirmiúil CTA amháin le linn gach timthrialla de Chomhdháil na Stát is Páirtithe.

(c) Rannpháirtíocht thoscaireacht an Aontais a éascú ag aon imeacht, misean, ceardlann arna reáchtáil ag Rúnaíocht CTA ar bhonn náisiúnta nó réigiúnach.

(d) A áirithiú go léireofar go soiléir san ábhar uile a tháirgfear faoin tionscadal atá á mhaoiniú ag an Aontas go bhfuarthas an maoiniú sin ón Aontas.

(e) A áirithiú go mbeidh sé ráite go soiléir ag gach imeacht, seisiún oiliúna agus ceardlann a eagrófar faoin tionscadal go bhfuil siad á maoiniú ag an Aontas.

8. **Measúnú tionchair**

Le creat faireacháin atá bunaithe ar thorthaí, coimeádfar súil ar na haschuir agus déanfar measúnú ar thionchar na gceardlann réigiúnach agus na misean náisiúnta, agus ar an gcaoi sin, beifear in ann bainistiú oiriúnaitheach a dhéanamh le linn na tréimhse cur chun feidhme.

9. **Tuairisciú**

Tionscnófar socruithe tuairiscithe don tionscadal i gcomhréir le forálacha an chonartha idir Rúnaíocht CTA agus an tAontas Eorpach.

10. **Tréimhse ama**

Mairfidh an tionscadal 24 mhí.